RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/619 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Aibreán 2021

lena leasaítear Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, (AE) 2020/2236 agus (AE) 2021/403 a mhéid a bhaineann le forálacha idirthréimhseacha maidir le húsáid deimhnithe sláinte ainmhithe, deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla agus deimhnithe oifigiúla

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair ainmhithe in-tarchurtha agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 146(2), Airteagal 156(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus Airteagail 162(5) 168(4), 213(2), 224(4), 238(3) agus 239(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialacha Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 90, Airteagal 126(3) agus Airteagal 134, an chéad fhomhír, pointe (f) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ([3]), (AE) 2020/2236 ([4]) agus (AE) [C(2021)403] ([5]) ón gCoimisiún, leagtar síos teimpléid na ndeimhnithe sláinte ainmhithe, na ndeimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla agus na ndeimhnithe oifigiúla atá ag teastáil le haghaidh gluaiseachtaí coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí isteach san Aontas agus laistigh den Aontas.

(2) Chun an t-aistriú a éascú chuig úsáid na ndeimhnithe sláinte ainmhithe nua agus na ndeimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla nua le haghaidh gluaiseachtaí coinsíneachtaí laistigh den Aontas agus idir na Ballstáit, agus chun foráil a dhéanamh maidir le hoiliúint chuí a chur ar na hoibreoirí agus ar fhoireann na n-údarás inniúil sna Ballstáit uile, is gá idirthréimhse a bhunú ina mbeidh na húdaráis inniúla sna Ballstáit uile in ann úsáid a bhaint as na deimhnithe a eisíodh i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme roimh dháta chur i bhfeidhm Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, (AE) 2020/2236 agus (AE) 2021/403.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.
([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.
([3]) IO L 442, 30.12.2020, lch. 1.
([4]) IO L 442, 30.12.2020, lch. 410.
([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha a thagann uathu a bheith ag teacht isteach san Aontas agus ag gluaiseacht laistigh den Aontas, a mhéid a bhaineann le deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1).

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, déantar foráil maidir le hidirthréimhse le haghaidh coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas ina bhfuil táirgí de bhunadh ainmhíoch, táirgí ilchodacha, péacáin atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus síolta le haghaidh táirgeadh péacán atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, coinsíneachtaí a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 28/2012 ([6]) ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628 ([7]) ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart fad na hidirthréimhse le haghaidh úsáid na ndeimhnithe sin a shoiléiriú.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004 ([8]) ón gCoimisiún le héifeacht ón 21 Aibreán 2021. Leagtar síos leis an Rialachán sin teimpléad caighdeánach comhchuibhithe na ndeimhnithe le haghaidh gluaiseachtaí coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí laistigh den Aontas. Sa bhreis air sin, déantar foráil sa Rialachán maidir le comhoiriúnacht theimpléad caighdeánach comhchuibhithe na ndeimhnithe leis an gCóras um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (TRACES) agus éascaíonn sé an córas deimhniúcháin agus an córas lena dtugtar fógra faoi ghluaiseachtaí na gcoinsíneachtaí sin laistigh den Aontas. Chun gur féidir deimhnithe a eisíodh i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme roimh an 21 Aibreán 2021 a úsáid fós in TRACES, ba cheart dáta aisghairm an Rialacháin sin a leasú i bhfianaise dheireadh na n-idirthréimhsí i Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 agus (AE) 2021/403, mar a leasaítear leis an Rialachán seo.

(5) Le Rialachán (AE) 2020/2236, déantar foráil maidir le hidirthréimhse le haghaidh coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas ina bhfuil táirgí ainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a bhfuil an deimhniú sláinte ainmhithe iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1251/2008 ([9]) ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart fad na hidirthréimhse le haghaidh úsáid na ndeimhnithe sin a shoiléiriú.

(6) Na socruithe ó na húdaráis inniúla atá riachtanach lena áirithiú go gcomhlíonfar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí laistigh den Aontas ina bhfuil ainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha, chun na socruithe sin a éascú ba cheart idirthréimhse a thabhairt isteach ina bhféadfaidh an deimhniú sláinte ainmhithe iomchuí a bheith ag gabháil leis na coinsíneachtaí sin, deimhniú a eisíodh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008.

(7) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, déantar foráil maidir le hidirthréimhse le haghaidh coinsíneachtaí a thabhairt isteach san Aontas ina bhfuil ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha a thagann uathu, coinsíneachtaí a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i Rialacháin Chur Chun Feidhme (CE) Uimh. 798/2008 ([10]) agus (AE) Uimh. 206/2010 ([11]), Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 139/2013 ([12]) agus (AE) 2018/659 ([13]) ón

([6]) IO L 12, 14.1.2012, lch. 1.
([7]) IO L 131, 17.5.2019, lch. 101.
([8]) IO L 94, 31.3.2004, lch. 44.
([9]) IO L 337, 16.12.2008, lch. 41.
([10]) IO L 226, 23.8.2008, lch. 1.
([11]) IO L 73, 20.3.2010, lch. 1.
([12]) IO L 47, 20.2.2013, lch. 1.
([13]) IO L 110, 30.4.2018, lch. 1.

gCoimisiún, Cinntí 2006/168/CE ([14]) agus 2010/472/AE ([15]) ón gCoimisiún, agus i gcomhréir le Cinntí Cur Chun Feidhme 2011/630/AE ([16]), 2012/137/AE ([17]) agus (AE) 2019/294 ([18]) ón gCoimisiún freisin. Dá bhrí sin, ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart fad na hidirthréimhse le haghaidh úsáid na ndeimhnithe sin a shoiléiriú.

(8) Na socruithe ó na húdaráis inniúla atá riachtanach lena áirithiú go gcomhlíonfar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí laistigh den Aontas ina bhfuil ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha a thagann uathu, chun na socruithe sin a éascú ba cheart idirthréimhse a thabhairt isteach ina bhféadfaidh an deimhniú iomchuí a bheith ag gabháil leis na coinsíneachtaí, deimhniú a eisíodh i gcomhréir le Treoracha 64/432/CEE ([19]), 88/407/CEE ([20]), 89/556/CEE ([21]), 90/429/CEE ([22]), 91/68/CEE ([23]), 92/65/CEE ([24]), 2009/156/CE ([25]) agus 2009/158/CE ([26]) ón gComhairle, agus i gcomhréir le Cinneadh 2010/470/AE ([27]) ón gCoimisiún freisin.

(9) Ó tharla go mbeidh feidhm ag Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, (AE) 2020/2236 agus (AE) 2021/403 le héifeacht ón 21 Aibreán 2021, is ón dáta sin is ceart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([14]) IO L 57, 28.2.2006, lch. 19.
([15]) IO L 228, 31.8.2010, lch. 74.
([16]) IO L 247, 24.9.2011, lch. 32.
([17]) IO L 64, 3.3.2012, lch. 29.
([18]) IO L 48, 20.2.2019, lch. 41.
([19]) IO 121, 29.7.1964, lch. 1977.
([20]) IO L 194, 22.7.1988, lch. 10.
([21]) IO L 302, 19.10.1989, lch. 1.
([22]) IO L 224, 18.8.1990, lch. 62.
([23]) IO L 46, 19.2.1991, lch. 19.
([24]) IO L 268, 14.9.1992, lch. 54.
([25]) IO L 192, 23.7.2010, lch. 1.
([26]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 74.
([27]) IO L 228, 31.8.2010, lch. 15.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 35 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235:

"Airteagal 35

Forálacha idirthréimhseacha

1. Coinsíneachtaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch, táirgí ilchodacha, péacáin atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus síolta le haghaidh táirgeadh péacán atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, coinsíneachtaí a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 28/2012 agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628, glacfar isteach san Aontas iad go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2021 ar choinníoll go raibh an deimhniú sínithe ag an duine atá údaraithe chun an deimhniú a shíneadh i gcomhréir leis an Rialachán sin agus leis an Rialachán Cur Chun Feidhme roimh an 21 Lúnasa 2021.

2. Teimpléad caighdeánach comhchuibhithe na ndeimhnithe le haghaidh gluaiseachtaí laistigh den Aontas a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, glacfar é le haghaidh gluaiseachtaí laistigh den Aontas go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

3. Tagairtí d'fhorálacha de ghníomhartha aisghairthe sna deimhnithe agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, déanfar iad a fhorléiriú mar thagairtí d'fhorálacha comhfhreagracha a cuireadh ina n-ionad agus léifear iad i gcomhréir leis na táblaí comhghaoil, i gcás inarb infheidhme.".

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/2236

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236:

"Airteagal 10

Forálacha idirthréimhseacha

1. Coinsíneachtaí d'ainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a bhfuil an deimhniú sláinte ainmhithe iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008, glacfar isteach san Aontas iad go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2021 ar choinníoll go raibh an deimhniú sláinte ainmhithe sínithe ag cigire oifigiúil roimh an 21 Lúnasa 2021.

2. Coinsíneachtaí d'ainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a bhfuil an deimhniú sláinte ainmhithe iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí laistigh den Aontas go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

3. Tagairtí d'fhorálacha de ghníomhartha aisghairthe sna deimhnithe, déanfar iad a fhorléiriú mar thagairtí d'fhorálacha comhfhreagracha a cuireadh ina n-ionad agus léifear iad i gcomhréir leis na táblaí comhghaoil, i gcás inarb infheidhme.".

Airteagal 3

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/403

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403:

"Airteagal 27

Forálacha idirthréimhseacha

1. Coinsíneachtaí d'ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha a thagann uathu a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i Rialacháin (CE) Uimh. 798/2008 agus (AE) Uimh. 206/2010, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 139/2013 agus (AE) 2018/659, Cinntí 2006/168/CE agus 2010/472/AE, agus i gcomhréir le Cinntí Cur Chun Feidhme 2011/630/AE, 2012/137/AE agus (AE) 2019/294 freisin, glacfar isteach san Aontas iad go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2021 ar choinníoll go raibh an deimhniú sínithe ag an duine atá údaraithe chun an deimhniú a shíneadh i gcomhréir leis na Rialacháin, leis na Rialacháin Chur Chun Feidhme, leis na Cinntí agus leis na Cinntí Cur Chun Feidhme sin roimh an 21 Lúnasa 2021.

2. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe crúbach a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i dTreoracha 64/432/CEE (*), 91/68/CEE (**), Treoir 92/65/CEE ón gComhairle agus Treoir 2009/156/CE (***) ón gComhairle, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

3. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe éan agus táirgí geirmeacha a thagann uathu a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i dTreoir 2009/158/CE (****) ón gComhairle, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

4. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe táirgí geirmeacha ó bhó-ainmhithe a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i dTreoracha 88/407/CEE agus 89/556/CEE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

5. Coinsíneachtaí de chineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i gCinneadh 2010/470/AE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

6. Coinsíneachtaí de chineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó mhuc-ainmhithe a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i dTreoir 90/429/CEE agus i gCinneadh 2010/470/AE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

7. Coinsíneachtaí de chineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó eachainmhithe a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i gCinneadh 2010/470/AE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

8. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe beach a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i dTreoir 92/65/CEE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

9. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha áirithe a thagann uathu a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i dTreoir 92/65/CEE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.

10. Tagairtí d'fhorálacha de ghníomhartha aisghairthe sna deimhnithe, déanfar iad a fhorléiriú mar thagairtí d'fhorálacha comhfhreagracha a cuireadh ina n-ionad agus léifear iad i gcomhréir leis na táblaí comhghaoil, i gcás inarb infheidhme.

(*) IO 121, 29.7.1964, lch. 1977.
(**) IO L 46, 19.2.1991, lch. 19.
(***) IO L 192, 23.7.2010, lch. 1.
(****) IO L 343, 22.12.2009, lch. 74.".

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 21 Aibreán 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN